


Is é Ceangal | Cwlwm III an triú tionól ag ealaíontóirí de chuid na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban agus na Breatnaise. Reáchtáladh tionól na bliana seo ar líne go hiomlán ar an 26 agus 27 Samhain.

Is iad seo a leanas ceithre phríomhchuspóir an tionóil:

- Féachaint ar bhealaí nuálacha chun obair úr a dhéanamh i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus i mBreatnais.
- Múnlaí dea-chleachtais a chíoradh agus a chomhroinnt.
- Aontú ar threoirphrionsabail choiteanna do na hearnálacha amharclannaíochta atá ag saothrú i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus i mBreatnais ar mhaithe le meas, éagsúlacht teanga agus comhionannas a chothú.
- Amharclannóirí a choimisiúnú chun saothair nua a chur i láthair i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus i mBreatnais.

An Glao:

Mar chuid de thionól na bliana seo, coimisiúnóidh Ceangal | Cwlwm III sé phíosa nua oibre a chuirfear i láthair go digiteach ag ócáid ar líne in mí Márta/Aibreán 2021 agus ar shuíomh ghréasáin Ceangal | Cwlwm ina dhiaidh sin (www.ceangalcwlwm.com). Beirt iarratasóirí ó gach tír chomhpháirtíochta a bheidh sa roghnú deiridh. Is éard is aidhm don choimisiúnú seo ná deiseanna cruthaitheacha ar bhonn íoctha a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá ag obair i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus sa Bhreatnais sa ré dhúshlánach seo agus tacú le forbairt saothair nua sna trí theanga mhionlaithe sin.

Na hiarratasóirí a n-éireoidh leo, gheobhaidh siad táille choimisiúin €2,400.00 (Éire) | £2,000.00 (Albain/an Bhreatain Bheag/Tuaisceart na hÉireann) chun píosa oibre a fhorbairt

agus a chur i láthair go digiteach ag ócáid Ceangal Cwlwm i mí Márta/Aibreán 2022 ar an téama "Teacht Aniar". Táille uilechuimsitheach is ea é seo agus cuimsítear faoin táille sin forbairt, cruthú agus doiciméadú an phíosa oibre, lena n-áirítear oibrithe comhair, teicneoirí agus aon saorealaíontoirí eile a mbeidh baint acu le cruthú an tsaothair. Tá iarratais á lorg againn anois ó ealaíontóirí sna trí thír chomhpháirtíochta roimh an spriocdháta, síneadh ama curtha leis go dtí **7 Eanáir 2022 ag 5i.n.**

Tabharfar fógra d'iarratasóirí an tseachtain dár tús 10 Eanáir 2022 agus is é Dé Luain 21 Márta 2022 an spriocdháta do phíosaí a bheith críochnaithe, agus beidh ócáid ar líne i Márta / Aibreán 2022.

**Critéir:**

- Saothar nua amharclannaíochta atá le bunú ar an téama "Teacht Aniar"; ní mór gurbh fhéidir an saothar a chraoladh ar líne.
- Déanfar réamhthaifeadadh ar an bpíosa agus ba chóir é a scríobh agus/nó a chur i láthair sa Bhreatnais, i nGaeilge na hAlban nó i nGaeilge (na hÉireann).
- Ba cheart gur fad ama idir 5 nóiméad agus 10 nóiméad a bheadh sa saothar deiridh, agus é scannánaithe ar chaighdeán gairmiúil (1920×1080/25fps) agus é a chur i láthair i bhformáid MP4 nó.Mov. Is féidir treoir maidir le dea-chleachtais scannánaíochta a fháil ach é sin a iarraidh.
- Moltar do na hiarratasóirí nuálaíocht, uaillmhian agus úrnuacht a léiriú.
- Ní mór do na hiarratasóirí samplaí de shaothair dá gcuid roimhe seo a sholáthar i dteangacha an ghlao coimisiúnúaithe.

**Conas iarratas a dhéanamh:**

Seol ríomhphost chuig Marianne.nichinneide@nuigalway.ie; agus bíodh "Ceangal | Cwlwm 2021 Commission" sa líne ábhair.

Bíodh an t-eolas seo a leanas i ndoiciméad PDF:

- Cé thú féin agus comhthéacs don chineál oibre a dhéanann tú.(200 focal ar a mhéad)
- Ainm an tionscadail amharclannaíochta atá beartaithe agat.
- Sonraí an smaoinimh atá ar intinn agat agus an chaoi a gcruthóidh tú é má éiríonn le d'iarratas. (300 focal ar a mhéad)
- Tabhair ainmneacha na n-ealaíontóirí/saorealaíontóirí a mbeidh tú ag obair i gcomhar leo sa tionscadal atá beartaithe.

Na healaíontóirí a n-éireoidh lena n-iarratas, ainmneofar duine faoi leith ar fhoireann comhdhála Ceangal Cwlwm a fheidhmeoidh mar theagmhálaí dóibh le linn an phróisis ealaíne.

*Tá cistiú agus tacaíocht don choimisiúnú seo á dtabhairt ag Colmcille, Lárionad na Meán agus an Chultúir sna Náisiúin Bheaga in Ollscoil na Breataine Bige Theas, Ealaín na Gaeltachta, Theatre Gu Leòr, Taibhdhearc na Gaillimhe agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*